BUNEOLAS FAOIN EARNÁIL PHOIBLÍ

poistphoiblí
publicjobs

Buneolas faoin Earnáil Phoiblí

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/ daltaí ATF/daltaí GCAT

Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

- Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist
- éagsúla.
- Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta. Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a dhéanamh.

Cuspóirí Foghlama:

- Eolas a thabhairt do na daltaí faoin earnáil phoiblí.
- An earnáil a shainmhíniú i gcomhthéacs na hearnáila
- poiblí/na hearnála príobháidí, ar bhealach sothuigthe. Nasc a dhéanamh idir na foghlaimeoirí agus a dtaithí saoil, a gcáilíochtaí agus a dtaithí oibre (más cuí).
- Úsáid a bhaint as an ngrafaic faisnéise chun scrúdú a dhéanamh ar an gcéad leibhéal de na fo-earnálacha laistigh den earnáil. Nasc a dhéanamh idir na
- hearnálacha sa ghrafaic faisnéise agus earnálacha níos leithne, trí úsáid a bhaint as uirlis chuardaigh.

Acmhainní:

- Ríomhaire Teilgeoir Suíomh
- gréasáin Publicjobs.ie Grafaic
- Faisnéise Publicjobs.ie Clár Bán
- Bileog Oibre an Dalta
- Fóin/iPadanna na ndaltaí Suíomh
- gréasáin CareersPortal.ie
-
-

Céimeanna an Cheachta:

1. Cur tús leis an rang le seisiún tobsmaointeoireachta chun eolas a phlé leis an ngrúpa, agus scríobh an t-aiseolas a thugann siad duit ar an gclár bán. Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas:
   a. An bhfuil aithne ag éinne ar éinne a oibríonn san earnáil phoiblí?
   b. An féidir libh smaoineamh ar shamplaí d'oibrithe earnála poiblí sa phobal? (Maor parcála, cuntasóir in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Gardaí, múinteoirí, oibrí i gComhairlí Contae, altra srl.)
   c. An dtuigeann sibh an difríocht idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach?
   d. Cad iad na ranna/earnálacha lena mbaineann na róil a luadh (buille faoi thuairim chun a fháil amach an bhfuil eolas ag éinne air seo)?
2. Nuair atá roinnt téarmaí ar an gclár, taispeáin an ghrafaic faisnéise chuí do na daltaí ar an teilgeoir. Bain úsáid as an liosta a chuir an rang le chéile (ar an gclár bán) chun plé a dhéanamh ar theidil na bhfo-earnálacha agus ar an earnáil lena mbaineann gach ról.
3. Ba chóir don mhúinteoir a thaispeáint do na daltaí conas an uirlis 'Gairmeacha a Chuardach' a úsáid ar CareersPortal.ie chun post an Chomhraiceora Dóiteáin a aimsiú agus an t-eolas seo a leanas a fháil:
   a. Cur síos ar an bpost.
   b. Scileanna atá ag teastáil don ról.
   c. Réimse Tuarastail.
   d. Earnáil/earnálacha ina bhfuil an ról (m.sh. dlí, leigheas, riarachán srl.).
   e. 3 rud a bhíonn i gceist san obair.
   f. 3 thréith a theastaíonn ón duine.
   g. Cliceáil ar 'iontráil' chun a fháil amach cad atá ag teastáil chun an post seo a fháil.
4. Nóta: Mura bhfuil cuntas cruthaithe ag na daltaí ar CareersPortal.ie cheana féin, beidh orthu ceann a chruthú sula ndéantar an ceacht seo/sula dtaispeántar an chéad sleamhnán eile do na daltaí.
   Iarr ar na daltaí post éigin a roghnú ón liosta agus triail
5. a bhaint as seo iad féin. Téigh timpeall an tseomra chun a chinntiú go bhfuil na daltaí uilig in ann na feidhmeanna a úsáid.
6. Taispeáin Sleamhnán 7 do na daltaí agus mínigh go mbainfear úsáid as bileog oibre do dhaltaí chun scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar róil éagsúla san earnáil phoiblí.
7. Taispeáin an liosta de ghairmeacha do na daltaí, agus cuir béim ar na trí liosta éagsúla.
8. Tabhair amach an bhileog oibre dar teideal 'Scrúdú a Dhéanamh ar Ghairmeacha san Earnáil Phoiblí'. Pléigh sampla an Chomhraiceora Dóiteáin.
9. Tabhair am do na daltaí úsáid a bhaint as gléasanna (ina n-aonar nó i mbeirteanna) chun an tasc a bhaineann leis na trí theideal poist a dhéanamh.
10. Bain úsáid as an mbosca deireanach ar an mbileog oibre chun na gairmeacha éagsúla ar a ndearnadh scrúdú le linn an taisc a bhreacadh síos.
11. Faigh amach an bhfuil suim ag an ngrúpa ann.

poistphoiblí publicjobs